



ACMHAINN 8

Dánta, amhráin, saothair ealaíne

Rabhadh: Tabhair do d'aire go bhfuil naisc chuig láithreáin ghréasáin ar nós YouTube san aonad seo. D'fhéadfadh athrú teacht ar a bhfuil ar láithreáin sheachtracha agus ba cheart súil a choinneáil air chun bheith cinnte go bhfuil sé oiriúnach do dhaltaí scoile.

Maith sibh, a imircigh bheaga (dán)

le Uyen Loewald

Maith sibh, a imircigh bheaga
Thugamar slán sibh ón ocrao
ó chogadh, ó dhíthreabh, ó ghéarleanúint
Taispeánaigí anois bhur mbuíochas
ach ná cloistear sibh, ná feictear sibh

Maith sibh, a imircigh bheaga
fónaigí orainn go fial
scuabaigí na monarchana, glanaigí na tithe
réitigí dúinn an bia saor beadaí
íocaigí cáin, beathaigí an choitiantacht

Maith sibh, a imircigh bheaga
Gaoiseach sibh le bhur n-am saor
fuaigí feistis dheasa, péinteálaigí múrbhallaí
scríobhaigí libh ceol, agus damhsaigí ár bport
Ná bíodh an cultúr sin againne tur

Maith sibh, a imircigh bheaga
Thugamar daoibh an deis
bhur muintir a thabhairt le chéile
Fuair sibh comhionannas agus stádas
fiú mura geal linn dath bhur gcnis

Maith sibh, a imircigh bheaga
Bíodh Béarla agaibh go líofa
aithníodh sibh ESL thar RSL
seachnaigí na ceardchumann, agus múinigí bhur gclann
le hurraim a léiriú do na hinstitiúidí



ÁRAS STAIR NA HEORPA

Maith sibh, a imircigh bheaga
Troidigí libh eadraibh féin, ach
bíodh sibh ag Scoil an Domhnaigh, foghlaimígí na béasa
Coinnígí an t-achrann laistigh de bhur gcultúr féin
bíodh an tionsclaíocht slán ó chiontóirí

Maith sibh, a imircigh bheaga
Ní intleacht go géilliúlacht
leanaigí ASIO, CIA
sceithigí ar bhur ndaoine agus
aimsígí na cumannaigh do na Meiriceánaigh

Maith sibh, a imircigh bheaga
Tá músaeim ann do bhur n-ealaíona anuaisle
don ilchultúrachas a chleachtann sibh
In am trátha, beidh sibh uasal
Níl ann ach cúpla glúin a scaoileadh ar fán.

Maidir leis an údar

Rugadh Uyen Loewald i Vítneam i 1940 agus chuaigh sí ar imirce chun na hAstráile i 1970. Ina cuid gearrscéalta agus dánta, déanann sí iniúchadh ar an mbearna idir na hionchais atá ag an 'gcoitiantacht' de bhunadh na hAstráile agus na hionchais atá ag teifigh.





ÁRAS STAIR NA HEORPA

Baile Mór Chicago (Amhrán)

Le Christy Moore

I mbaile mór Chicago
Agus duifean ag teacht sa lá
Tá daoine ann ag taibhreamh
Faoi na sléibhte i nDún na nGall

Ba é 1847, an bhliain a thosaigh an scéal
Nuair a dhíbir pianta an ocras na milliúin as an tír
Ní cathréim a thug anonn iad
Ní saint a bhí ina gcroíthe
Ar aistear faoisimh, fóirithinte thar an mbóchna liath

Go baile mór Chicago
Agus duifean ag teacht sa lá
Tá daoine ann ag taibhreamh
Faoi na sléibhte i nDún na nGall

Ag roinnt acu bhí saibhreas
Ag roinnt, bhí clú agus cáil
Is mó arís díobh a d'fhulaing anró
Agus a bhásaigh ar an má
Scaip siad ar fud na tíre
Ar charráistí traenach faoi lán luais
Bhí ceol acu agus amhráin, mar fhaoiseamh ar an gcumha

Go baile mór Chicago
Agus duifean ag teacht sa lá
Tá daoine ann ag taibhreamh
Faoi na sléibhte i nDún na nGall

Maidir leis an gceoltóir

Is é Luka Bloom a scríobh agus a chum (lukabloom music IMRO\MCPs, Éire).

Tá an t-amhrán le cloisteáil [anseo](#)



ÁRAS STAIR NA HEORPA

Migrantas – Teanga Fhísiúil na hImlirce



Baineann Migrantas úsáid as áiteanna poiblí uirbeacha mar ardán agus tá sé mar aidhm aige smaointe agus mothúcháin na ndaoine a d'fhág a dtír féin agus a bhfuil cónaí orthu i dtír eile a thaispeáint ar bhealach físiúil. Ní eisceacht i saol an lae inniu iad soghluaisteacht, imirce agus traschultúrachas, ach is féidir a rá gur gearr go mbreathnófar orthu mar ghnáthchúrsaí an tsaol. Fós féin, is minic nach léir don tromlach inár sochaí féin an cás ina bhfuil mná imirceacha agus na rudaí a ndeachaidh siad tríothu. Bíonn Migrantas ag obair ar shaincheisteanna amhail imirce, céannacht agus an t-idirphlé idirchultúrtha. San obair a dhéanann sé, baineann sé leas as uirlisí ó na hamharcealaíona, ó dheardh grafach agus ó na heolaíochtaí sóisialta. Na daoine atá san eagraíocht seo, mná den chuid is mó iad a tháinig ar imirce iad féin chun na Gearmáine, forbraíonn siad na tionscadail in éineacht le himircigh eile i gceardlanna. Tógtar na léaráidí ansin agus cruthaítear pictagraim díobh le scaipeadh in áiteanna poiblí.



Foinse: [Migrantas](#)